



**COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL**

An Stiúrthóireacht Bóithre & Iompair

An Rannóg Tráchta

Foirm Achomhairc ar Sheirbhísí Páirceála - FÓGRA UM PIONÓS MUIRIR SHEASTA

Dáta _____

Ainm _____
(Úinéir an Chairr)

Seoladh _____

Cláruimhir an Chairr/ na gCarr _____

Dáta an Ticéid / na dTicéad _____

Uimhir an Ticéid / Uimhreacha na dTicéad _____
(más bainteach)

Cúiseanna leis an Achomharc:

Le seoladh ar ais chuig:

An tOifigeach Achomhairc, An Oifig Seirbhísí Páirceála, Halla na Cathrach, Corcaigh.

Úsáid Oifige Amháin: Faighte an:

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

AN NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC MAIDIR LE FÓGRA UM PIONÓS MUIRIR SHEASTA

Tá Córas Íocaíochta Páirceála Dioscaí á fheidhmiú ag Comhairle Cathrach Chorcaí i gcomhair páirceáil sráide i limistéar Lár na Cathrach. Ní mór do thiománaithe i limistéir pháirceála dioscaí páirceála a chur ar taispeáint agus cloí le Fodhlíthe Limistéir Páirceála Dioscaí Chathair Chorcaí. Ní mór do thiománaithe cloí le rialacháin páirceála náisiúnta a rialaíonn páirceáil neamhdhleathach ar líne bhuí dhúbailte, líne bhuí aonair, bacainn a chur ar acomhail, cosáin srl.

Cuireann Comhairle Cathrach Chorcaí na Fodhlíthe páirceála agus na rialacháin náisiúnta i bhfeidhm ar cheann de na bealaí seo a leanas

- Eisiúint Fógraí um Pionós Muirir Sheasta.
- Clampáil Feithiclí.
- Tarraingt Feithiclí.

Má fuair tú Fógra um Pionós Muirir Sheasta agus gur dóigh leat nach raibh bonn cirt leis an ngníomh seo, tá tú i dteideal achomharc a dhéanamh i scríbhinn.

Ba cheart achomhairc a sheoladh chuig:

An tOifigeach Achomhairc,
An Oifig Seirbhísí Páirceála,
An Rannóg Tráchtá,
Comhairle Cathrach Chorcaí,
Halla na Cathrach,
Corcaigh.

Ní ghlacfar ach le hachomhairc a fhaigheann Comhairle Cathrach Chorcaí laistigh de 14 lá ó dháta eisiúna an Fhógra um Pionós Muirir Sheasta. Tabhair faoi deara mura n-éiríonn leis an achomharc go mbeidh tú faoi dhliteanas d'aon mhéadú sa phionós gan aird ar aon mhoill a tharla le linn próiseála an achomhairc agus go bhféadfaí ionchúiseamh a dhéanamh ort.

Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a bheith in achomharc

- Ainm, seoladh agus cláruimhir feithicle an achomharcóra.
- Déanaimid measúnú de, le do thoil, go bhfuil an foirm iarratais comhlánaithe go hiomlán.
- Foirm achomhairc comhlánaithe atá ar fáil ag Halla na Cathrach, ag www.corkcity.ie nó litir scríofa a thugann sonraí maidir leis an achomharc.

Ba cheart gach achomharc a bheith scríofa go soiléir agus go soléite.

Nuair a fhaighimid d'achomharc:

- Nuair a fhaighimid achomharc uait, tosóimid láithreach á phróiseáil trínár nósanna imeachta próiseála achomhairc.
- Déanaimid measúnú ar an achomharc i gcomhar leis an bhfianaise arna soláthar ag an Maor Tráchtá maidir le heisiúint an ticéid.
- Cuirfimid ar an eolas thú maidir lenár gcinneadh i scríbhinn.
- Déanfaimid taifead ar shonraí an achomhairc chun críocha rialaithe agus iniúchta.